**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

258

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 1999 **M52T**

**SCRÚDUIMHIR** ☛

# CEOL - ARDLEIBHÉAL
## ÉISTEACHT – RIACHTANACH (100 marc)
**DÉ hAOINE 25 MEITHEAMH - MAIDIN, 9. 30 go dtí 11.00**

STAMPA AN IONAID
(Centre Stamp)

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na Marcanna

| CEIST | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- ☐ *Scríobh d'uimhir scrúdaithe, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- ☐ *Sula dtosnaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an sliocht samplach. Muna féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, labhair leis an bhFeitheoir anois.*
- ☐ *Bíodh cluas le héisteacht agat don ghíog rabhaidh agus do na fógraí ar an téip.*
- ☐ *Is féidir leat do chuid freagraí a scríobh de réir mar is toil leat féin, le linn an taifeadhaidh nó le linn na sosanna.*
- ☐ *Scríobh do chuid freagraí go léir ar an san fhreagarleabhar seo sna spásanna atá ann dóibh. Sna ceisteanna ina dtugtar rogha, cuir tic sa bhosca cuí.*
- ☐ *Bain leas as na spásanna laistigh den chlúdach cúil do shracobair.*
- ☐ *Ná tabhair aon pháipéir eile isteach leat i halla an scrúdaithe.*
- ☐ *Níl cead labhairt, cnagadh, canadh nó crónán a dhéanamh le linn an scrúdaithe seo.*

**C1** Sliocht as an *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* de chuid Tchaikovsky

- Cloisfidh tú an sliocht ina iomláine agus ansin déanfar gach cuid (**A, B** agus **C**) a athchasadh TRÍ huaire.
- Is é atá sa cheol ná líne shingil laghdaithe thíos.
- Freagair na ceisteanna ar leathanach a trí.

**Cuid A, Barraí 367–388**




**Cuid B, Barraí 389–410**




**Cuid C, Barraí 411–419**



**Cuid A, (Barraí 367–388)**

(i) Cén uirlis ar a chastar an tséis ó bharra 369 go dtí barra 381? ___________

(ii) Sa chuid seo, cén dá ghné díobh seo thíos a chloistear sa tionlacan ann?

☐ arpéitsí ☐ scálaí leath-thonacha ☐ tripléadaigh athsheanma

☐ nótaí athsheanma ☐ sosanna croisíní as buille ☐ staccato


(iii) I mbarraí 380-382, is é a bhíonn á chasadh ag an dordveidhil ná

☐ nótaí suas ☐ nótaí síos ☐ nóta marthanach aonair

**Cuid B, (Barraí 389-410)**

(i) Cén rannóg den cheolfhoireann ar a chastar an tséis? ___________

(ii) Cé acu ceann de na figiúirí rithimeacha athsheanma thíos atá sa tionlacan sa chuid seo den sliocht?

☐  ☐  ☐ 

(iii) Déan na nótaí atá ar iarraidh sa scór i mbarraí 390 agus 391 a chomhlánú.

**Cuid C, (Barraí 411–419)**

(i) Ainmnigh an chnaguirlis a thugtar isteach ag barra 411 ___________

(ii) Luaigh dhá éagsúlacht idir an tséis sa chuid seo agus i **gCuid B.**

______________________________________________

______________________________________________

(iii) Inis go hachomair mar a chuireann Tchaikovsky 'Téama an Ghrá' agus 'Téama an Aighnis' i gcodarsnacht le chéile sa réamhcheol.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________

**(25)**

**C2** Déanfar sliocht as *Cantáid 78* de chuid Bach a chasadh TRÍ huaire.

- Beidh sos oiriúnach ann tar éis gach seanmna.
- Tá imlíne an scóir clóbhuailte thíos.
- Freagair na ceisteanna seo a leanas:




(i) Cé na huirlisí ar a mbíonn an tionlacan don amhránaí sa sliocht?

_______________________________________________

(ii) Tosaíonn an sliocht le nóta coinneáilte (troitheánach) i ndordpháirt an tionlacain. Cén focal ar a n-athraíonn an nóta? _______________

(iii) Is í an mhóitíf rithimeach a bhíonn á casadh ag an tionlacan i mbarraí 8 agus 9 (an chuid vivace) ná:



(iv) Is é an dúnadh atá i ndeireadh an tsleachta seo ná:

☐ dúnadh tánaisteach ☐ lándúnadh ☐ dúnadh briste

(v) Sampla de reacaireacht atá anseo. Luaigh **cosúlacht amháin** agus **difríocht amháin** idir an ghluaiseacht seo agus an ghluaiseacht eile sa chantáid atá i bhfoirm reacaireachta.

Cosúlacht: _______________________________________________

Difríocht: _______________________________________________

**(10)**

**C3** Déanfar sliocht as an *Rapsóid Bhoihéamach* a chasadh TRÍ huaire.

- Beidh sos oiriúnach ann tar éis gach seanmna.
- Tá na liricí clóbhuailte thíos.

*1.* So you think you can stone me and spit in my eye
*2.* So you think you can love me and leave me to die
*3.* Oh baby, can't do this to me baby
*4.* Just gotta get out, just gotta get right outta here.

- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Maidir leis an oscailt a bhíonn á casadh ag an ngiotár agus ag an dord, is é atá ann ná:

❐ seicheamh suas ❐ seicheamh síos ❐ athsheinm chruinn

(ii) Cé mhéad uair a ndéantar an pléasc-ciombail a bhualadh idir na focail 'die' agus 'Oh'?

❐ 3 huaire ❐ 4 huaire ❐ 5 huaire

(iii) Conas a chuirfeá síos ar stíl an tsleachta seo?

------------------------------------------------

------------------------------------------------

------------------------------------------------

(iv) Sa taifeadadh:

❐ níl aon ghuthanna taca

❐ tá na guthanna taca ag canadh i gcomhpháirt leis an amhránaí

❐ tá na guthanna taca d'aonghuth leis an amhránaí agus tá an phríomhlíne gutha ilrianaithe

(v) Ainmnigh agus mínigh go hachomair dhá theicníc léirithe a úsáideadh nuair a bhí *Rapsóid Bhoihéamach* á thaifeadadh.

------------------------------------------------

------------------------------------------------

------------------------------------------------

------------------------------------------------

------------------------------------------------

**(10)**

**C4** Déanfar sliocht as an *gCeathairéad Uimh. 1* de chuid Gerald Barry a chasadh trí huaire.

- Beidh sos oiriúnach ann tar éis gach seanmna.
- Tá imlíne an scóir clóbhuailte thíos.

Tabhair aire: Ar an taifeadadh, déantar an tséis thíos a chasadh TRÍ huaire. **Ní thugtar** an nodaireacht do na hathdhéanaimh.



- Freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh an dá uirlis a chastar i dtosach an tsleachta.

_______________ _______________

(ii) Sna ceithre bharra tosaigh, athchasann an uirlis íochtarach

☐ móitíf dhá nóta ☐ móitíf trí nóta ☐ móitíf cúig nóta

(iii) Ar an gcéad athsheanma, bíonn na trí uirlis á gcasadh sa stíl

☐ legato ☐ staccato ☐ sostenuto

(iv) Déan cur síos go hachomair ar stíl sheanma an phianó, mar shampla, teicníc.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

(v) Ainmnigh agus tabhair míniú ar theicníc ionstraime a mbaintear úsáid aisti in áit eile sa cheathairéad (**ná bíodh sé** sa chuid seo den sliocht).

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

**(10)**

**C5 Ceol Gaelach. Trí** shliocht agus déantar gach ceann acu a chasadh TRÍ huaire. Tá gach sliocht bunaithe ar leagan den fhonn *Cearta an Duine*.

- Freagair **A** agus **B**. Tabhair faoi deara go bhfuil rogha ceisteanna i **B**.

**A.** I gcás gach sleachta:

(i) Ainmnigh an uirlis/na huirlisí a mbíonn an tséis á casadh acu agus an uirlis/na huirlisí a mbíonn an tionlacan á chasadh acu.

(ii) Tabhair tuairisc go hachomair ar an gcaoi a ndéantar an fonn a chasadh trí thagairt ar leith a dhéanamh do ghnéithe de cheol traidisiúnta na hÉireann agus/nó do thionchair eile, de réir mar a oireann.

| **Sliocht 1** | **Uirlis(í) á gcasadh:** |
|---|---|
| **Séis** | |
| **Tionlacan** | |
| **Cóiriú an fhoinn/ tionchair/ stíl:** | |
| ------------------------------------ | |
| ------------------------------------ | |
| ------------------------------------ | |
| ------------------------------------ | |

| **Sliocht 2** | **Uirlis(í) á gcasadh:** |
|---|---|
| **Séis** | |
| **Tionlacan** | |
| **Cóiriú an fhoinn/ tionchair/ stíl:** | |
| ------------------------------------ | |
| ------------------------------------ | |
| ------------------------------------ | |
| ------------------------------------ | |

| **Sliocht 3** | **Uirlis(í) á gcasadh:** |
|---|---|
| **Séis** | |
| **Tionlacan** | |
| **Cóiriú an fhoinn/ tionchair/ stíl:** | |
| ------------------------------------ | |
| ------------------------------------ | |
| ------------------------------------ | |
| ------------------------------------ | |

**B. Freagair CEANN AMHÁIN acu seo a leanas:**

(i) Cad iad na hathruithe is suntasaí atá tarlaithe i gceol traidisiúnta na hÉireann le caoga bliain anuas, dar leat? Déan tagairt do shamplaí ceoil agus /nó do cheoltóirí ar leith i do fhreagra.

**NÓ**

(ii) Déan cur síos ar thréithe de cheol rince traidisiúnta na hÉireann trí thagairt a dhéanamh do struchtúr, rithim agus stíl rince. Bíodh samplaí agat ón gceol rince a bhfuil staidéar déanta agat air mar thacaíocht le do fhreagra.

**NÓ**

(iii) Scríobh nóta ar cheoltóir aonair nó grúpa aonair ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air i gcomhthéacs cheol traidisiúnta na hÉireann. Déan tagairt do shamplaí ceoil i do fhreagra.

**NÓ**

(iv) Tabhair tuairisc go hachomair ar chuid de na slite ina bhfuil tionchar cheol traidisiúnta na hÉireann le brath ar cheol Mheiriceá Thuaidh.

**(25)**

**C6 Scileanna Éisteachta.** Tá an cheist seo bunaithe ar dhá shliocht ón gceolra *Les Misérables* de chuid Claude-Michel Schönberg.

- Freagair **A** agus **B** agus **C**.

**A.** Ó na gnéithe a liostáiltear thíos, luaigh na **trí ghné** a bhfuil fáil orthu sa dá shliocht. Déanfar gach sliocht a chasadh faoi DHÓ.

| **Gnéithe Ceoil** | **Cuir tic sa bhosca má tá fáil air sa dá shliocht** |
|---|---|
| *Amhránaíocht aoncheoil* | |
| *Amhránaíocht capella* | |
| *Cóir mheascaithe* | |
| *Sioncóipiú* | |
| *Rithim phoncaithe* | |
| *Amchomhartha* $\frac{4}{4}$ | |

**B.** Déanfar an chéad shliocht a chasadh anois **trí** huaire. Tá liricí an tsleachta clóbhuailte thíos.

1. Do you hear the people sing, singing a song of angry men?
2. It is the music of a people who will not be slaves again.
3. When the beating of your heart echoes the beating of the drums
4. There is life about to start when tomorrow comes.
5. Will you join in our crusade? Who will be strong and stand with me?
6. Beyond the barricade is there a world you long to see?
7. Then join in the fight that will give you the right to be free.
8. Do you hear . . .

Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Cén saghas gutha a chanann i dtosach an tsleachta? ________________

(ii) Luaigh athrú amháin a tharlaíonn sa cheol i líne a cúig.

______________________________________________

______________________________________________

(iii) Cén éifeacht rithimeach a tharlaíonn ceithre huaire i líne 7?

________________

(iv) I líne 1 thíos, tá líne faoi na focail ag a n-athraíonn na cordaí.
Cuir líne faoi na trí fhocal i líne 2 ag a dtarlaíonn an t-athrúchorda.

*1.* Do you <u>hear</u> the people sing, singing a <u>song</u> of angry <u>men</u>?

2. It is the music of a people who will not be slaves again.

**C.** Déanfar an dara sliocht a chasadh anois **trí** huaire. Tá liricí an tsleachta clóbhuailte thíos.

*1.* Drink with me to days gone by.
2. To the life that used to be.
*3.* At the shrine of friendship never say die.
*4.* Let the wine of friendship never run dry.
*5.* Here's to you and here's to me.

Freagair na ceisteanna seo a leanas:


(i) Sampla is ea na séiseanna i línte *1* agus *2* de

☐ seicheamh ☐ aithris ☐ athsheanma

(ii) I línte *3* agus *4*, tá sampla de

☐ seicheamh ☐ aithris ☐ athsheanma

(iii) Agus úsáid á baint agat as an rithim a thugtar, cuir isteach airde na nótaí atá ar iarraidh do línte *3* agus *4*.




(iv) Tá an ceol scríofa i mórghléas F. Tá líne *5* clóbhuailte thíos. Scríobh na cordaí cuí sna boscaí atá ann dóibh. Is féidir úsáid a bhaint as siombailí corda nó uimhreacha Rómhánacha de réir mar is mian leat.

☐ ☐ ☐

5. Here's to you and here's to me.

**(20)**

# SRACOBAIR

# SRACOBAIR